An tUachtarán Barack Obama insealbhaithe don dara téarma

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi insealbhú Barack Obama. Sula bhféachann tú ar an tuairisc an féidir leat féin agus an duine in aice leat na téarmaí / frásaí Gaeilge a aimsiú de na focail seo thíos:

1. public ceremony _____
2. It is estimated _____
3. official occasion _____
4. the crowds _____
5. from both sides _____
6. oath of office _____
7. in his speech _____
8. economic recovery _____
9. coming to an end _____
10. equality _____
11. economic deficit _____
12. the citizen's peace of mind _____

Ceist 2 Féach ar an mhír arís agus freagair na ceisteanna seo a leanas:

(a) Cé mhéad duine a bhí i láthair ag an searmanas poiblí?
(b) Cad a rinne teaghlach Obama ní ba luaithe sa lá?
(c) Cé hiad na daoine ó shaol na polaitíochta a bhí i láthair ag an searmanas?
(d) Cé mhéad uair ar fad a ghlac an tUachtarán Obama mionn a oifige le linn an insealbhaithe?
(e) Cad a dúirt Obama faoin easnamh eacnamaíochta?
(f) Cad iad na rudaí a dúirt an tUachtarán Obama a bheith tábhachtach?

Ceist 3 '…don dara téarma…'

Féach ar na rialacha a bhaineann leis na horduimhreacha:

i. **Focail dar tús guta**: e.g. alt

An chéad alt
ach
An dara – deichiú **h**alt (cuirtear h roimh ghuta)

ii. **Focail dar tús consain (seachas dts)** e.g. cúrsa

An chéad c**h**úrsa (séimhítear an consain)
ach
An dara – deichiú cúrsa

iii. **Focail dar tús na gconsan d,t,s** e.g. an teach

An chéad – an deichiú teach

Cuir ciorcal timpeall ar an bhfocal ceart i ngach cás:

1. an tríú	urlár	hurlár
2. an dara	alt	halt
3. an chéad	fear	fhear
4. an chéad	seachtain	sheachtain
5. an cúigiú	bliain	bhliain
6. an t-ochtú	aois	haois
7. an séú	iarratas	hiarratas
8. an seachtú	duine	dhuine
9. an naoú	babhta	bhabhta
10. an ceathrú	teach	theach

Ceist 4. Féach ar an tuairisc uair amháin eile agus scríobh féin agus an duine in aice leat achoimre - ná téigí thar ocht n-abairt!

Ceist 5 '**…** *misneach* ***na*** *tíre… ach … suaimhneas* ***an*** *tsaoránaigh…'*

(a) Cén pointe gramadaí atá i gceist sa dá shampla thuas?
(b) Cén fáth a bhfuil an pointe sin i gceist?
(c) An féidir leat smaoineamh ar aon chás eile a mbíonn an pointe gramadaí thuas i gceist?
(d) Cén fáth a bhfuil an t-alt '**na**' sa chéad sampla agus '**an**' sa dara ceann?
(e) Scríobh an t-alt sna bearnaí thíos:

an pháirc	lár na páirce		
an óráid	fad	____	hóráide
an chathaoir	dath	____	cathaoireach
an bord	aird	____	bhoird
an chistin	doras	____	cistine
an scoil	geata	____	scoile
an leabhar	teideal	____	leabhair
an tsráid	barr	____	sráide
an lá	lár	____	lae

(f) Cuir Gaeilge ar na frásaí thíos.

the top of the road
the back of the house
the edge of the city
the colour of the wall
the bottom of the window
the centre of the town

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

- Cad é do bharúil den Uachtarán Barack Obama? Cén fáth?
- An dóigh leat go bhfuil caidreamh maith idir Éire agus Meiriceá? Cén fáth?
- Cad í an difríocht atá idir ról an uachtaráin in Éirinn agus ról an uachtaráin i Meiriceá?

Freagraí

Ceist 1

1. public ceremony	*searmanas poiblí*
2. It is estimated	*meastar*
3. official occasion	*ócáid oifigiúil*
4. the crowds	*na sluaite*
5. from both sides	*ón dá thaobh*
6. oath of office	*mionn oifige*
7. in his speech	*ina óráid*
8. economic recovery	*téarnamh eacnamaíochta*
9. coming to an end	*ag teacht chun deiridh*
10. equality	*comhionannas*
11. economic deficit	*easnamh eacnamaíochta*
12. the citizen's peace of mind	*suaimhneas an tsaoránaigh*

Ceist 2

(a) Breis is leathmhilliún duine.
(b) Chuaigh siad chuig searmanas in eaglais Naomh Eoin.
(c) Na hIar-Uachtaráin Jimmy Carter agus Bill Clinton agus polaiteoirí ón dá thaobh.
(d) Ghlac sé an mionn oifige dhá uair.
(e) Dúirt sé go bhfuil cinntí deacra le déanamh chun an t-easnamh eacnamaíochta a laghdú.
(f) Cur le chéile, comhionannas, beatha, saoirse agus suaimhneas an tsaoránaigh.

Ceist 3

1	an tríú	hurlár
2	an dara	halt
3	an chéad	fhear
4	an chéad	seachtain
5	an cúigiú	bliain
6	an t-ochtú	haois
7	an séú	hiarratas
8.	an seachtú	duine
9.	an naoú	babhta
10.	an ceathrú	teach

Ceist 4 Tabhair tamall do na daltaí an achoimre a scríobh. Éist leis an méid a scríobh daoine éagsúla.

Ceist 5

(a) An tuiseal ginideach, uimhir uatha
(b) Mar go bhfuil dhá ainmfhocal ag teacht le chéile sa dá chás.
(c) Réamhfhocal comhshuite e.g. ar son na cúise;
réamhfhocail áirithe e.g. trasna na spéire;
an t-ainm briathartha e.g. ag glanadh na fuinneoige;

(d) Úsáidtear **'na'** mar gur ainmfhocal baininscneach é 'tír', agus úsáidtear '**an**' mar gur ainmfhocal firinscneach é 'saoránach'.
(e) Scríobh an t-alt sna bearnaí thíos:

an pháirc	lár na páirce
an óráid	fad na hóráide
an chathaoir	dath na cathaoireach
an bord	aird an bhoird
an chistin	doras na cistine
an scoil	geata na scoile
an leabhar	teideal an leabhair
an tsráid	barr na sráide
an lá	lár an lae

(f)

the top of the road	barr an bhóthair
the back of the house	cúl an tí
the edge of the city	imeall na cathrach
the colour of the wall	dath an bhalla
the bottom of the window	bun na fuinneoige
the centre of the town	lár an bhaile

Ceist 6: Tabhair tamall do na daltaí na ceisteanna a phlé i ngrúpaí.

Eimear Ní Chonaola

I Stáit Aontaithe Mheiriceá tráthnóna bhí searmanas poiblí d'insealbhú an Uachtaráin Barack Obama don dara téarma in oifig. Meastar go raibh breis is leathmhilliún duine i láthair in Washington don ócáid.

Siún Nic Gearailt

Ceithre bliana[i] ón lá stairiúil sin nuair a insealbhaíodh Barack Obama, an chéad Uachtarán Meiriceánach-Afracach. Bhí na hullmhúcháin faoi lán seoil[ii] agus na céadta míle[iii] ag bailiú ar shráideanna Washington ó mhoch maidine don ócáid oifigiúil chun tús a chur leis an tarna[iv] téarma aige ina Uachtarán ar Mheiriceá. Fad is a bhí na sluaite ag bailiú in Washington chuir an tUachtarán tús leis an lá lena bhean chéile agus a mbeirt leanaí ag searmanas in eaglais Naomh Eoin sula gcuadar [v] ar ais arís go dtí an dTigh[vi] Bán. Ar feadh na maidine, bhí Iar-Uachtaráin, Jimmy Carter agus Bill Clinton, le feiscint[vii] anseo chomh maith le polaiteoirí go deimhin, ón dá thaobh agus go leor eile ag bailiú don ócáid.
Tráthnóna, lena bheirt iníon agus a bhean chéile lena thaobh, ghlac an tUachtarán mionn a oifige don tarna babhta laistigh de cheithre huaire fichead.

Ina óráid labhair sé faoi dheich mbliana de chogaí a bheith ag teacht chun deiridh agus tús a bheith á chur le téarnamh eacnamaíochta ach go raibh cinntí[viii] deacra le déanamh chun an t-easnamh eacnamaíochta a laghdú.

Tríd is tríd, leag sé go leor béime ar an dtábhacht[ix] atá le cur le chéile, ar an dtábhacht atá le comhionannas, le beatha, saoirse agus suaimhneas an tsaoránaigh. Agus an dúshlán atá amach roimis[x] anois -misneach na tíre a ardú arís.

[i] 'Cheithre mbliana' a deirtear
[ii] 'Faoi lán tseoil' a deirtear
[iii] 'Na céadta mílte' a deirtear
[iv] 'An dara' atá sa chaighdeán
[v] 'Sula ndeachaigh siad' atá sa chaighdeán
[vi] 'Go dtí an Teach' atá sa chaighdeán
[vii] 'Le feiceáil' atá sa chaighdeán
[viii] 'Cinní' a deirtear
[ix] 'ar an tábhacht' atá sa chaighdeán
[x] 'Roimhe' atá sa chaighdeán